



TÉACSANNA ARNA nGLACADH

P8_TA(2017)0046

An sceimhlitheoireacht a chomhrac ***I

Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 16 Feabhra 2017 ar an togra le haghaidh treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an sceimhlitheoireacht a chomhrac, agus le bheith curtha in ionad Chinneadh Réime 2002/475/CGB ón gComhairle maidir leis an sceimhlitheoireacht a chomhrac (COM(2015)0625 – C8-0386/2015 – 2015/0281(COD))

(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)

Tá Parlaimint na hEorpa,

- ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2015)0625),
- ag féachaint d’Airteagal 294(2) agus d’Airteagal 83(1) agus d’Airteagal 82(2)(c) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra don Pharlaimint (C8-0386/2015),
- ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Ghnóthaí Dlíthiúla maidir leis an mbunús dlí molta,
- ag féachaint d’Airteagal 294(3) agus d’Airteagal 83(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,
- ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 17 Márta 2016¹,
- ag féachaint do Rúin 1373(2001) an 28 Meán Fómhair 2001, 2178(2014) an 24 Meán Fómhair 2014, 2195(2014) an 19 Nollaig 2014, 2199(2015) an 12 Feabhra 2015, 2249(2015) an 20 Samhain 2015 agus 2253(2015) an 17 Nollaig 2015 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe,
- ag féachaint do Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa um Sceimhlitheoireacht a Chosc an 16 Bealtaine 2005 agus do Phrótacal Breise an 19 Bealtaine 2015 a ghabhann leis,
- ag féachaint do Mholtaí an Tascfhórsa um Ghníomhaíocht Airgeadais (FATF),
- ag féachaint don Ráiteas ó Chruinniú Mullaigh faoin tSlándáil Núicléach, Washington, an 1 Aibreán 2016,

¹ IO C 177, 18.5.2016, lch. 51.

- ag féachaint don gheallúint a thug ionadaí na Comhairle i litir dar dáta 30 Samhain 2016 chun seasamh na Parlaiminte a fhormheas, i gcomhréir le hAirteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,
 - ag féachaint do Rial 59 agus do Rial 39 dá Rialacha Níos Imeachta,
 - ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile (A8-0228/2016),
1. Ag glacadh a seasamh ar an gcéad léamh faoi mar a leagtar amach anseo ina dhiaidh seo;
 2. Ag formheas an ráitis chomhpháirtigh ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún atá i gceangal leis an rún seo;
 3. Á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig an bParlaimint arís má tá rún aige an togra a leasú go substainteach nó téacs eile a chur ina ionad;
 4. Á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig an parlaimintí náisiúnta.

P8_TC1-COD(2015)0281

Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa arna ghlacadh ar an gcéad léamh an 16 Feabhra 2017 chun go nglacfaí Treoir (AE) 2017/... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an sceimhlitheoireacht a chomhrac, agus lena n-ionadaítear Cinneadh Réime 2002/475/CGB ón gComhairle agus lena leasaítear Cinneadh 2005/671/CGB ón gComhairle

(Ós rud é gur tháinig an Pharlaimint agus an Chomhairle ar chomhaontú, comhfhreagraíonn seasamh na Parlaiminte don ghníomh reachtach críochnaitheach, Treoir (AE) 2017/541.)

IARSCRÍBHINN A GHABHANN LEIS AN RÚN REACTACH

‘Ráiteas comhpháirteach ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún ar ghlacadh na Treorach maidir leis an Sceimhlitheoireacht a Chomhrac

Leis na hionsaithe sceimhlitheoireachta a rinneadh le déanaí san Eoraip, tarraingíodh aird ar an ngá atá le hiarrachtaí a athneartú chun an tslándáil a choimirciú agus an urraim dár gcomhluachanna, lena n-áirítear an smacht reatha agus urraim ar chearta an duine, á cur chun cinn ag an am céanna. Chun freagra cuimsitheach a sholáthar don bhagairt sceimhlitheoireachta atá ag athrú, is gá creat coiriúlaithe feabhsaithe chun an sceimhlitheoireacht a chomhrac a chomhlánú le bearta éifeachtacha i ndáil leis an sceimhlitheoireacht mar thoradh ar radacú a chosc agus le faisnéis faoi chionta sceimhlitheoireachta a mhalartú go héifeachtúil.

Is sa mheon seo a léiríonn institiúidí an AE agus na Ballstáit a dtiomantas go comhpháirteach – laistigh den réimse inniúlachta atá acu faoi seach – leanúint de bhearta coisctheacha a fhorbairt agus d’infheistíocht a dhéanamh iontu, mar chuid de chur chuige trasearnála cuimsitheach lena mbaineann na beartais ábhartha uile, lena n-áirítear, go háirithe, i réimsí an oideachais, an chuimsithe shóisialta agus an lánpháirtithe shóisialta, agus na geallsealbhóirí uile, lena n-áirítear eagraíochtaí na sochaí sibhialta, comhphobail áitiúla nó comhpháirtithe sa tionscal.

Tacóidh an Coimisiún le hiarrachtaí na mBallstát, go háirithe, trí thacaíocht airgeadais a thairiscint do thionscadail atá dírithe ar uirlisí a fhorbairt chun dul i ngleic leis an radacú agus trí thionscnaimh ar fud an AE agus trí líonraí, amháil an Líonra um Fheasacht ar an Radacú.

Leagann Comhairle an AE, Parlaimint na hEorpa agus an Coimisiún Eorpach béim ar an ngá atá leis an bhfaisnéis ábhartha ar fad a mhalartú ar bhealach éifeachtach agus tráthúil idir údaráis inniúla san Aontas chun cionta sceimhlitheoireachta a chosc, a bhrath, a imscrúdú nó a ionchúiseamh. Chuige sin, tá sé fíor-riachtanach úsáid iomlán a bhaint as na hionstraimí, bealaí agus gníomhairí ar fad de chuid an Aontais atá ann cheana chun faisnéis a mhalartú, agus go gcuirfear reachtaíocht uile an Aontais arna glacadh sa réimse seo chun feidhme go mear freisin.

Athdhaingníonn na trí institiúid an gá atá le measúnú a dhéanamh ar fheidhmiú chreat ginearálta an AE maidir le faisnéis a mhalartú agus aghaidh a thabhairt, le gníomhaíochtaí inbhraite, ar easnaimh a d’fhéadfadh a bheith ann, lena n-áirítear i bhfianaise an Treochláir maidir le malartú faisnéise agus bainistiú faisnéise a fheabhsú, lena n-áirítear réitigh idir-inoibritheachta i réimse CGB.’